



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT MIOTALÓIREACHT – ARDLEIBHÉAL

100 Marc

Dé Máirt, 17 Meitheamh - 2.00 – 4.00

TREORACHA

1. Freagair Roinn A agus Roinn B de Cheist 1 agus trí cheist eile.
2. Ní mór na freagraí go léir a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a sholáthraítear. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.
3. Soláthraítear páipéar cearnógach le haghaidh léaráidí de réir mar is gá.
4. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtugann tú fúithi, le do thoil.

ROINN A – 20 MARC
ÉIGEANTACH

Freagair **cúig** cheist ar bith.

Taispeánann an léaráid, Fíor 1, roinnt de na príomhpháirteanna in inneall bunúsach ceithre bhuille.

Baineann na ceisteanna (b) go (e) leis an léaráid seo.

- (a) Déan cur síos achomair ar an obair a rinne duine **amháin** diobh seo a leanas ar mhaite leis an teicneolaíocht:

- (i) John B. Dunlop, nó
- (ii) John L. Baird, nó
- (iii) James Watt.

(4 mharc)

- (b) (i) Sainaithin **gach** ceann de na comhláí a thaispeántar.
 (ii) Ainmnigh an t-inneallbhuelle a n-osclaíonn Comhla A dó.
 (iii) Ainmnigh an t-inneallbhuelle a n-osclaíonn Comhla B dó.

(4 mharc)

- (c) Déan cur síos ar na meicníochtaí a úsáidtear chun na comhláí a oscailt agus a dhúnadh.

(4 mharc)

- (d) (i) Sainaithin páirt ‘D’.
 (ii) Luagh an fheidhm atá ag páirt ‘D’.

(4 mharc)

- (e) (i) Ainmnigh cineál **amháin** eile innill.
 (ii) Mol feidhm oiriúnach le haghaidh an innill a ainmníodh.

(4 mharc)


- (f) Sainmhínigh **dhá cheann ar bith** de na hairí ábhartha seo a leanas:

- (i) Cruas;
- (ii) Intuargainteacht;
- (iii) Righneas;
- (iv) Leaisteachas.

(4 mharc)

- (g) (i) Sainaithin **dhá cheann ar bith** de na comhbhaill leictreonacha a thaispeántar.
 (ii) Tarraing an tsiomайл leictreonach le haghaidh aon **cheann amháin** de na comhbhaill a sainainniodh.

(4 mharc)



Fíor 1





ROINN B – 20 MARC
ÉIGEANTACH


Freagair **cúig** cheist ar bith.

**Taispeánann na líníochtaí Rothgharda Deiridh,
 Ciorcad Leictreonach agus Líníocht Chóimeála
 Thionscadal Miotalóireachta Ardleibhéil, 2008,
 Mionsamhail Cuadrothair.**

- (a) (i) Ríomh fad iomlán an rothgharda deiridh.
 (ii) Déan cur síos ar conas a mhúnlaítear an chuid 48 mm × 40 mm atá marcálte le ‘X’ ar an rothgharda deiridh.
(4 mharc)
- (b) (i) Mínigh an chaoi a n-aimsítear lár na háirse R25 nuair a bhítear ag marcáil amach an rothgharda deiridh.
 (ii) Déan cur síos ar an gcaoi a lúbtar an rothgharda deiridh chun go mbeadh an cruth cuí air.
(4 mharc)
- (c) (i) Mínigh an téarma *foirbeadh* mar a úsáidtear é chun na rothaí deiridh a dhéanamh.
 (ii) Liostaigh **dhá** phróiseas deile **ar bith** eile a úsáidtear chun na rothaí deiridh a dhéanamh.
(4 mharc)
- (d) (i) Mínigh feidhm na laisce DPDT a úsáidtear sa chiorcad leictreonach.
 (ii) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm an fhriotóra a úsáidtear sa chiorcad leictreonach.
(4 mharc)
- (e) Agus tú ag baint úsáide as léaráid, dear taca rotha tosaigh agus meicníocht stiúrtha a d'oirfeadh don Chuadrothar.
(4 mharc)
- (f) Mol **dhá** fheidhm oiriúnacha **ar bith** le haghaidh Cuadrothair.
(4 mharc)



Ciorcad Leictreonach



Mionsamhail de Chuadrothar

Taispeántar ar dheis mionsamhail shimplí de phróiseas deartha.

- (a) (i) Tabhair breac-chuntas ar trí fhoinse **ar bith** a d'fhéadfá a úsáid faoin teideal "Cuardaigh Eolas".

- (ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí **ar bith** ina bhféadfaí smaointe a forbairt i ndiaidh na céime "Déan Taighde".

(7 marc)

Taispeántar biachlár déthaobhach atá le cur ina sheasamh ar an gcosán lasmuigh de chaife.

- (b) (i) Dear seastán miotal oiriúnach chun an clár a choinneáil.
- (ii) Taispeáin, agus tú ag baint úsáide as léaráid, an chaoi a gceanglaítear an clár go daingean den seastán.
- (iii) Mol miotal oiriúnach le haghaidh an tseastáin.
- (iv) Déan cur síos ar bhailchríoch oiriúnach ar cheart í a chur leis an miotal a roghnaítear.

(13 marc)

Achoimre Dearaidh

An tasc a leagtar amach duit.
Creatlach dá n-iarrtar ort
a dhéanamh

8. Measúnú

1. Cuardaigh Eolas

7. Tástáil agus Modhnaigh


2. Déan Taighde

6. Monarú

3. Forbair Smaointe

5. Roghnú Ábhar

4. Líniochtaí Táirgthe




Clár Biachláir

- (a) (i) Ainmnigh na páirteanna 'A' agus 'B' den deil a thaispeántar.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm **ar bith** de chuid an chúlstoic.
- (iii) Luaign **dhá** chúis **ar bith** a ndeartar deileanna chun bheith ag gluaiseacht ar luasanna éagsúla (RPM).
- (iv) Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta **ar bith** atá le comhlíonadh nuair a bhítear ag obair ar an deil. (10 marc)

- (b) Tá barra a bhfuil trastomhas 10 mm aige le casadh ar an deil. Tá luas gearrtha dromchla 78 m/nóim. ag an ábhar. Agus tú ag úsáid na foirmle a thugtar ríomh an luas in RPM (Bíodh π mar 3 agat).

$$N = \frac{S \times 1000}{\pi \times D} \quad (4 \text{ marc})$$

- (c) (i) Ainmnigh **gach** ceann de na huirlisi a thaispeántar ar dheis.
- (ii) Mínigh an fheidhm atá ag ceann **amháin** de na huirlisi. (6 marc)




- (a) (i) Ainmnigh an saghas foirnéise a thaispeántar.
- (ii) Maidir leis na cloig 'A' agus 'B', mínigh conas a chuirtear an lucht isteach san fhoirnéis gan teas a chailliúint.
- (iii) Mínigh an fheidhm atá ag feadán na foirnéise.
- (iv) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm na bhfánán 'C' agus 'D'. (8 marc)

- (b) (i) Ainmnigh **dhá** mhiotal neamhfheiriúla **ar bith**.
- (ii) Mol feidhm oriúnach **amháin** le haghaidh **gach** miotail a ainmníodh. (4 marc)

- (c) (i) Liostaigh na dúile a úsáidtear chun **gach** ceann faoi seach de na cóimhiotal seo a leanas a dhéanamh:



- Cré-umha;
- Cruach dhosmálta.

- (ii) Sainaithean cóimhiotal a úsáidtear chun **gach** ceann faoi seach de na rudaí a thaispeántar a mhonarú. (8 marc)




Taispeántar pumpa breosla, meicníocht ulóige agus meicníocht bheilt-tiomána, chomh maith le córas V-chreasa.

- (a) (i) Ainmnigh ábhar oiriúnach **amháin** le haghaidh **gach** páirte den phumpa breosla atá lipéadaithe.
- (ii) Luaijh cúsí **amháin** le **gach** ábhar díobh a roghnú.
- (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta **ar bith** atá le comhlíonadh nuair a úsáidtear pumpa breosla.
- (iv) Déan cur síos ar **dhá** iarmhaint **ar bith** a bhíonn ag úsáid peitril ar an timpeallacht.



- (b) (i) Sainaithin **dhá** mheicníocht tiomána eile **ar bith**.
- (ii) Mínigh, ag baint úsáide as léaráid, an chaoi inar féidir treo rothlaithe na hulóige tiomainte a mhalaí.
- (iii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le córas ulóige V-chreasa.

(10 marc)



Córas V-chreasa

- (a) Déan comparáid idir an **dá** iarann sádrála a thaispeántar ag baint úsáide as na treoirínta seo a leanas:

- (i) Ainm an iarannt shádrála;
- (ii) Modh téite;
- (iii) Ábhar a úsáidtear sa bhéalmhír;
- (iv) Ábhar a úsáidtear sa hanla;
- (v) Réamhchúram sábháilteachta **amháin** atá le comhlíonadh le **gach** iarann.



Iarann A

(10 marc)

- (b) Roghnaigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas agus mínigh na difríochtaí:

- (i) idir seoltóir agus inslitheoir;
- (ii) idir flosc neamhgníomhach agus flosc gníomhach;
- (iii) idir sódar bog agus sódar airgid.

(6 mharc)



Iarann B

- (c) (i) Ainmnigh **dhá** ghnáth-theirmeaplaisteach **ar bith**.
- (ii) Mol feidhm oiriúnach **amháin** le haghaidh **gach** plaistigh a ainmníodh.

(4 mharc)

- (a) (i) Déan cóip i do fhreagarleabhar den tábla a thugtar. Comhlánaigh an tábla trí na boscaí folmha i gcomhair ionchuir/aschuir agus feidhme a líonadh.

Ainm	Ionchur/ aschur	Feidhm
Luchóg	Ionchur	
Ceamara digiteach		Íomháanna/ pictiúir
Breacaire	Aschur	

- (ii) Mínigh **dhá** cheann ar **bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo a leanas:

- Beart;
- Comhad;
- VDU;
- CD-ROM.


- (iii) Ainmnigh na páirteanna 'A' agus 'B' den deil CNC a thaispeántar.

- (iv) Sinaithin **dhá** ghné shábháilteachta ar **bith** de chuid na deile CNC.

- (v) Luaigh na difríochtaí:

- idir cód G agus cód M;
- idir Dearbhthoisiú agus Toisiú incrimintiúil.

(14 mharc)




Deil CNC

- (b) (i) Ainmnigh **gach** ceann de na huirlisí tomhais a thaispeántar.


- (ii) Sinaithin na páirteanna 'C' agus 'D'.

- (iii) Cad é luach an léimh a thaispeántar thíos ar dheis?


(6 mharc)



Uirlis A



Uirlis B



Leathanach Bán